9. Ina dhiaidh sin an 9 Meitheamh 2021, cuireadh an comhad faoi bhráid Choiste na mBuanionadaithe agus faoi bhráid na Comhairle (Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais) an 18 Meitheamh 2021 le haghaidh díospóireacht bheartais[4]. Léiríodh sa díospóireacht go bhfuil na Ballstáit toilteanach raon feidhme an togra a laghdú go dtí éigeandáil COVID-19 agus an deimhniú díolúine leictreonach a scriosadh ón togra, ionas go mbeifear in ann an dréacht-Treoir a ghlacadh go pras.

10. Bunaithe ar an díospóireacht bheartais a bhí sa Chomhairle, chinn Uachtaránacht na Portaingéile nós imeachta neamhfhoirmiúil tosta a sheoladh maidir le téacs comhréitigh ón Uachtaránacht go dtí meán lae Dé hAoine an 25 Meitheamh 2021. Ós rud é nach rabhthas tar éis aon bharúlacha a fháil faoin tráth sin, meastar an téacs a bheith inghlactha ag na toscaireachtaí uile.

## III. AN BEALACH CHUN CINN

11. I bhfianaise an mhéid sin, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an comhaontú maidir leis an téacs atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo a dhaingniú chun go nglacfaidh an Chomhairle é mar ítim A, faoi réir a athbhreithnithe ag na dlítheangeolaithe.

---

[4] 9427/21.

